# IONSTRAIM
# I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS
# PHOBLACHT NA SEICE, PHOBLACHT NA hEASTÓINE,
# PHOBLACHT NA CIPIRE, PHOBLACHT NA LAITVIA,
# PHOBLACHT NA LIOTUÁINE, PHOBLACHT NA hUNGÁIRE,
# PHOBLACHT MHÁLTA, PHOBLACHT NA POLAINNE,
# PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE AGUS PHOBLACHT NA SLÓVAICE
# AGUS OIRIÚNUITHE NA gCONARTHAÍ AR A BHFUIL
# AN tAONTAS EORPACH FOTHAITHE

CUID A hAON

NA PRIONSABAIL

AIRTEAGAL 1

Chun críocha na hIonstraime seo:

– ciallaíonn an abairt “Conarthaí bunaidh”:

(a) an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh ("Conradh CE") agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ("Conradh CEFA"), mar atá arna bhforlíonadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas seo,

(b) an Conradh ar an Aontas Eorpach("Conradh AE"), mar atá arna fhorlíonadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas seo;

– ciallaíonn an abairt "Ballstáit láithreacha" Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, An Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

– ciallaíonn an abairt “an tAontas” an tAontas Eorpach mar atá arna bhunú le Conradh AE;

– ciallaíonn an abairt "an Comhphobal" ceann amháin nó an dá cheann de na Comhphobail dá dtagraítear sa chéad fhleasc, de réir mar a bheidh;

– ciallaíonn an abairt 'Ballstáit nua' Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice;

– ciallaíonn an abairt "na hinstitiúidí" na hinstitiúidí arna mbunú leis na Conarthaí bunaidh.

AIRTEAGAL 2

Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí agus an Banc Ceannais Eorpach roimh an aontachas ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh siad infheidhme sna Stáit sin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí sin agus san Ionstraim seo.

AIRTEAGAL 3

1. Forálacha acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh leis an bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (dá ngairtear "Prótacal Schengen" anseo feasta), agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ionstraim seo, mar aon le haon ionstraimí breise den sórt sin a fhéadfar a ghlacadh roimh dháta an aontachais, beidh siad ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh feidhm acu iontu ó dháta an aontachais.

2. Na forálacha sin de acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1, agus iad ina gceangal ar na Ballstáit nua, ní bheidh feidhm acu i mBallstát nua ach de bhun cinnidh ón gComhairle chuige sin tar éis fíorú, i gcomhréir leis na forálacha infheidhme de nósanna imeachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha riachtanacha comhallta sa Bhallstát nua sin agus agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Glacfaidh an Chomhairle a cinneadh ag gníomhú di le haontoilíocht a comhaltaí a ionadaíonn Rialtais na mBallstát a bhfuil na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo curtha in éifeacht cheana ina leith agus an ionadaí do Rialtas an Bhallstáit a bhfuil na forálacha sin le cur in éifeacht ina leith. Glacfaidh na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn Rialtais na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt i gcinneadh den sórt sin a mhéad a bhaineann sé le forálacha acquis Schengen agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach.

3. Beidh na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an gComhairle faoi Airteagal 6 de Phrótacal Schengen ina gceangal ar na Ballstáit nua ó dháta an aontachais.

4. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin i leith na gcoinbhinsiún nó na n-ionstraimí sin sa réimse ceartais agus gnóthaí baile atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí Chonradh AE:

– aontú dóibh siúd atá oscailte le haghaidh a sínithe ag na Ballstáit láithreacha faoi cheann dháta an aontachais, agus dóibh siúd atá tarraingthe suas ag an gComhairle i gcomhréir le Teideal VI de Chonradh AE agus atá molta do na Ballstáit lena nglacadh;

– socruithe riaracháin agus eile a thabhairt isteach, ar nós a bhfuil glactha faoi cheann dháta an aontachais ag na Ballstáit láithreacha nó ag an gComhairle, chun comhar praiticiúil a éascú idir institiúidí agus eagraíochtaí de chuid na mBallstát a oibríonn sa réimse ceartais agus gnóthaí baile.

## AIRTEAGAL 4

Beidh gach ceann de na Ballstáit nua rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát go maolú de réir bhrí Airteagal 122 de Chonradh CE.

## AIRTEAGAL 5

1. Aontaíonn na Ballstáit nua tríd an Ionstraim seo do na cinntí agus do na comhaontuithe arna nglacadh ag na hIonadaithe do Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle. Gabhann siad orthu féin aontú, amhail ó dháta an aontachais, do na comhaontuithe eile go léir arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha a bhaineann le hoibriú an Aontais nó i ndáil lena ghníomhaíochtaí.

2. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin aontú do na coinbhinsiúin dá bhforáiltear in Airteagal 293 de Chonradh CE agus dóibhsean atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí Chonradh AE, agus freisin do na prótacail ar léiriú na gcoinbhinsiún sin ag an gCúirt Bhreithiúnais, arna síniú ag na Ballstáit láithreacha, agus chun na críche sin gabhann siad orthu féin dul i mbun caibidlíochta leis na Ballstáit láithreacha d'fhonn na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh orthu.

3. Tá na Ballstáit nua sa staid chéanna leis na Ballstáit láithreacha i leith dearbhuithe, rún nó seasamh eile arna nglacadh ag an gComhairle Eorpach nó ag an gComhairle, agus ina leith siúd arna nglacadh ag na Ballstáit de thoil a chéile maidir leis an gComhphobal nó leis an Aontas; dá réir sin urramóidh siad na prionsabail agus treoirlínte a chineann ó na dearbhuithe, rúin nó seasaimh eile sin agus glacfaidh siad pé bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

## AIRTEAGAL 6

1. Beidh na comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach ag an gComhphobal nó i gcomhréir le hAirteagal 24 nó le hAirteagal 38 de Chonradh AE, le tríú Stát amháin nó níos mó, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, ina gceangal ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí bunaidh agus san Ionstraim seo.

2. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, do na comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach ag na Ballstáit láithreacha agus ag an gComhphobal, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, agus do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit sin agus a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe nó coinbhinsiúin sin.

Déanfar aontachas na mBallstát nua leis na comhaontuithe nó coinbhinsiún atá luaite i mír 6 thíos, mar aon leis na comhaontuithe leis an mBealarúis, leis an tSín, leis an tSile, le Mercosur agus leis an Eilvéis arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú go comhpháirteach ag an gComhphobal agus a Bhallstáit a chomhaontú trí phrótacal le comhaontuithe nó coinbhinsiúin den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht. Tá an nós imeachta seo gan dochar d’inniúlachtaí an Chomhphobail agus ní dhéanann sé difear do chionroinnt na gcumhachtaí idir an Comhphobal agus na Ballstáit i dtaca le comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích sa todhchaí nó aon leasuithe eile nach mbaineann le haontachas. Caibidleoidh an Coimisiún na prótacail sin thar ceann na mBallstát ar bhonn treoracha caibidlíochta arna bhformheas ag an gComhairle, ag gníomhú di d’aontoil, agus i gcomhairle le coiste ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát. Tíolacfaidh sé dréacht de na prótacail don Chomhairle lena dtabhairt i gcrích.

3. Amhail óna n-aontachas leis na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin dá dtagraítear i mír 2, gheobhaidh na Ballstáit nua na cearta agus na hoibleagáidí céanna faoi na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin sin atá ag na Ballstáit láithreacha.

4. Aontóidh na Ballstáit nua leis an Ionstraim seo don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí den Ghrúpa Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile,[1] arna shíniú in Cotonou ar an 23 Meitheamh 2000.

5. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [2], i gcomhréir le hAirteagal 128 den Chomhaontú sin.

6. Amhail ó dháta an aontachais, agus go dtí go dtabharfar na prótacail dá dtagraítear i mír 2 i gcrích, cuirfidh na Ballstáit nua i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha agus, go comhpháirteach, ag an gComhphobal leis an Ailgéir, leis an Airméin, leis an Asarbaiseáin, leis an mBulgáir, leis an gCróit, leis an Éigipt, le IPIM, leis an tSeoirsia, le hIosrael, leis an Iordáin, leis an gCasacstáin, leis an gCirgeastáin, leis an Liobáin, leis an Moldáiv, le Maracó, leis an Rómáin, le Cónaidhm na Rúise, le San Mairíne, leis an Afraic Theas, leis an gCóiré Theas, leis an tSiria, leis an Túinéis, leis an Tuirc, leis an Tuircméanastáin, leis an Úcráin agus leis an Úisbéiceastáin mar aon le forálacha aon chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích go comhpháirteach ag na Ballstáit láithreacha agus ag an gComhphobal roimh an aontachas.

Beidh aon oiriúnuithe ar na Comhaontuithe sin ina n-ábhar do phrótacail arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha ar cothrom le forálacha an dara fomhír de mhír 2. Mura mbeidh na prótacail tugtha i gcrích faoi dháta an aontachais, glacfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta is gá chun déileáil leis an staid sin amhail ón aontachas.

---

[1] IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.
[2] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

7. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh na Ballstáit nua na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha a chur i bhfeidhm.

Déanfar na srianta cainníochtúla arna gcur i bhfeidhm ag an gComhphobal ar allmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh a oiriúnú chun aontachas na mBallstát nua leis an gComhphobal a chur san áireamh. Chuige sin, féadfaidh an Comhphobal leasuithe ar na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear thuas a chaibidil leis na tríú tíortha i dtrácht roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstíle tagtha i bhfeidhm faoi cheann dháta an aontachais, déanfaidh an Comhphobal na hoiriúnuithe is gá ar a rialacha maidir le táirgí teicstíle agus éadaigh a allmhairiú ó thríú tíortha chun aontachas na mBallstát nua leis an gComhphobal a chur san áireamh.

8. Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí cruach agus táirgí cruach arna gcur i bhfeidhm ag an gComhphobal a oiriúnú ar bhonn allmhairí na mBallstá nua sna blianta deireanacha de tháirgí cruach de thionscnamh na dtíortha is soláthraithe i dtrácht.

Chuige sin, déanfar na leasuithe is gá ar na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha cruach arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha a chaibidliú roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na na leasuithe ar na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha tar éis teacht i bhfeidhm faoi cheann dháta an aontachais, beidh feidhm ag forálacha na chéad fhomhíre.

9. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Comhphobal comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit nua le tríú tíortha a bhainistiú.

Ní dhéanfar difear do na cearta ná oibleagáidí a leanann do na Ballstáit nua ó na comhaontuithe sin le linn na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

A thúisce is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a leanann ó na comhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach mó ná bliain amháin.

10. Le héifeacht ó dháta an aontachais, tarraingeoidh na Ballstáit nua siar ó aon chomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe idir ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua ar thaobh amháin agus tríú tír amháin nó níos mó ar an taobh eile ag luí leis na hoibleagáidí a thig ón gConradh seo, glacfaidh an Ballstát nua gach céim iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí arna bhunú. Má bhaineann deacrachtaí do Bhallstát nua le linn oiriúnú a dhéanamh ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích roimh an aontachas le tríú tír amháin nó níos mó, tarraingeoidh sé siar ó gcomhaontú sin de réir théarmaí an chomhaontaithe.

11. Tríd an Ionstraim seo agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos inti, aontaíonn na Ballstáit nua do na comhaontuithe inmheánacha arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha chun na comhaontuithe nó coinbhinsiúin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 go 6 a chur chun feidhme.

12. Glacfaidh na Ballstáit nua, más gá, bearta iomchuí chun a seasamh i ndáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a bhfuil an Comhphobal nó a bhfuil Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin a oiriúnú do na cearta agus oibleagáidí a eascraíonn óna n-aontachas leis an Aontas.

Tarraingeoidh siad siar go háirithe ar dháta an aontachais nó ar an dáta is túisce is féidir ina dhiaidh ó eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh ar páirtí iontu freisin an Comhphobal, mura mbaineann a gcomhaltas le hábhair seachas ábhair iascaigh.

## AIRTEAGAL 7

Mura bhforáiltear a mhalairt inti, ní fhéadfar forálacha na hIonstraime seo a fhionraí, a leasú ná a aisghairm seachas tríd an nós imeachta atá leagtha síos sna Conarthaí bunaidh chun gur féidir na Conarthaí sin a athbhreithniú.

AIRTEAGAL 8

Na gníomhartha sin arna nglacadh ag na hinstitiúidí lena mbaineann na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, coinneoidh siad a stádas dlítheanach; go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

AIRTEAGAL 9

Na forálacha den Ionstraim seo arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh gníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí a aisghairm nó a leasú, seachas mar bheart idirthréimhseach, beidh an stádas dlítheanach céanna acu atá ag na forálacha a aisghairtear nó a leasaítear leo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na forálacha sin.

AIRTEAGAL 10

Beidh cur i bhfeidhm na gConarthaí bunaidh agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear san Ionstraim seo, mar bheart idirthréimhseach.

## CUID A DÓ

## OIRIÚNITHE NA gCONARTHAÍ

### TEIDEAL I

### FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

#### CAIBIDIL 1

#### PARLAIMINT NA hEORPA

##### AIRTEAGAL 11

Le héifeacht ó thús théarma 2004-2009, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 190(2) de Chonradh CE agus d'Airteagal 108(2) de Chonradh CEFA:

"Is mar a leanas a bheidh líon na n-ionadaithe a thoghfar i ngach Ballstát:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 24 |
| Poblacht na Seice | 24 |
| An Danmhairg | 14 |
| An Ghearmáin | 99 |
| An Eastóin | 6 |
| An Ghréig | 24 |
| An Spáinn | 54 |
| An Fhrainc | 78 |
| Éire | 13 |
| An Iodáil | 78 |
| An Chipir | 6 |
| An Laitvia | 9 |
| An Liotuáin | 13 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ungáir | 24 |
| Málta | 5 |
| An Ísiltír | 27 |
| An Ostair | 18 |
| An Pholainn | 54 |
| An Phortaingéil | 24 |
| An tSlóivéin | 7 |
| An tSlóvaic | 14 |
| An Fhionlainn | 14 |
| An tSualainn | 19 |
| An Ríocht Aontaithe | 78" |

CAIBIDIL 2

AN CHOMHAIRLE

AIRTEAGAL 12

1. Le héifeacht ón 1 Samhain 2004:

(a) In Airteagal 205 de Chonradh CE agus Airteagal 118 de Chonradh CEFA:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú mar a leanas:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 |
| An Danmhairg | 7 |
| An Ghearmáin | 29 |
| An Eastóin | 4 |
| An Ghréig | 12 |
| An Spáinn | 27 |
| An Fhrainc | 29 |

| | |
|---|---|
| Éire | 7 |
| An Iodáil | 29 |
| An Chipir | 4 |
| An Laitvia | 4 |
| An Liotuáin | 7 |
| Lucsamburg | 4 |
| An Ungáir | 12 |
| Málta | 3 |
| An Ísiltír | 13 |
| An Ostair | 10 |
| An Pholainn | 27 |
| An Phortaingéil | 12 |
| An tSlóivéin | 4 |
| An tSlóvaic | 7 |
| An Fhionlainn | 7 |
| An tSualainn | 10 |
| An Ríocht Aontaithe | 29 |

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá cuid nach lú ná 232 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag tromlach na gcomhaltaí sa chás ina gceanglaítear sa Chonradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún.

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle i gcásanna eile, is gá cuid nach lú ná 232 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad.";

(ii) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"4. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht.";

(b) In Airteagal 23(2) de Chonradh AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Déanfar vótaí chomhaltaí na Comhairle a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Chun go nglacfar cinntí, is gá 232 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht."

(c) In Airteagal 34 de Chonradh AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá 232 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhallta, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht."

2. Aisghairtear Airteagal 3(1) den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE agus Conradh CE maidir le méadú an Aontais Eorpaigh.

3. Más lú ná deich líon na mBallstá nua a aontaíonn don Aontas Eorpach, socrófar an tairseach le haghaidh an tromlaigh cháilithe le cinneadh ón gComhairle trí idirshuíomh uimhríochtúil fíorlíneach a chur i bhfeidhm, arna chothromú suas nó síos go dtí an vóta is cóngaraí, idir 71% i gcás Comhairle a bhfuil 300 vóta aici agus leibhéal 72,72% i gcás AE ina bhfuil 25 Ballstát.

CAIBIDIL 3

AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

AIRTEAGAL 13

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 9 den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE, Conradh CE agus Conradh CEFA ar Reacht na Cúirte Breithiúnais.

"Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana, athrófar trí dhuine dhéag agus dháréag díobh gach re seach.".

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48 den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE, Conradh CE agus Conradh CEFA ar Reacht na Cúirte Breithiúnais.

"Airteagal 48

Cúig Bhreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime.".

CAIBIDIL 4

AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

AIRTEAGAL 14

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d’Airteagal 258 de Chonradh CE agus an dara mír d’Airteagal 166 de Chonradh CEFA:

"Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 |
| An Danmhairg | 9 |
| An Ghearmáin | 24 |
| An Eastóin | 7 |
| An Ghréig | 12 |
| An Spáinn | 21 |
| An Fhrainc | 24 |
| Éire | 9 |
| An Iodáil | 24 |

| | |
|---|---|
| An Chipir | 6 |
| An Laitvia | 7 |
| An Liotuáin | 9 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ungáir | 12 |
| Málta | 5 |
| An Ísiltír | 12 |
| An Ostair | 12 |
| An Pholainn | 21 |
| An Phortaingéil | 12 |
| An tSlóivéin | 7 |
| An tSlóvaic | 9 |
| An Fhionlainn | 9 |
| An tSualainn | 12 |
| An Ríocht Aontaithe | 24" |

CAIBIDIL 5

COISTE NA RÉIGIÚN

AIRTEAGAL 15

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír d'Airteagal 263 de Chonradh CE:

"Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 12 |
| Poblacht na Seice | 12 |
| An Danmhairg | 9 |
| An Ghearmáin | 24 |
| An Eastóin | 7 |
| An Ghréig | 12 |
| An Spáinn | 21 |
| An Fhrainc | 24 |
| Éire | 9 |
| An Iodáil | 24 |
| An Chipir | 6 |
| An Laitvia | 7 |
| An Liotuáin | 9 |
| Lucsamburg | 6 |

| | |
|---|---|
| An Ungáir | 12 |
| Málta | 5 |
| An Ísiltír | 12 |
| An Ostair | 12 |
| An Pholainn | 21 |
| An Phortaingéil | 12 |
| An tSlóivéin | 7 |
| An tSlóvaic | 9 |
| An Fhionlainn | 9 |
| An tSualainn | 12 |
| An Ríocht Aontaithe | 24" |

CAIBIDIL 6

AN COISTE EOLAÍOCH AGUS TEICNIÚIL

AIRTEAGAL 16

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA:

"2. Naoi gcomhalta is tríocha a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.".

CAIBIDIL 7

AN BANC CEANNAIS EORPACH

AIRTEAGAL 17

I bPrótacal Uimh. 18 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 49:

"49.3 Tráth tír amháin nó níos mó a theacht chun bheith ina mBallstáit agus a mbainc cheannais náisiúnta faoi seach a theacht chun bheith ina gcuid de CEBC, méadófar go huathoibríoch caipiteal suibscríofa BCE agus an teorainn ar mhéid na sócmhainní cúlchistí eachtracha is féidir a aistriú chuig BCE. Cinnfear an méadú trí na méideanna faoi seach atá ann an tráth sin a a iolrú ar an gcóimheas, laistigh den scála caipitil arna fhairsingiú, idir ualú na mbanc ceannais náisiúnta i dtrácht atá ag teacht isteach agus ualú na mbanc ceannais náisiúnta is comhaltaí de CEBC cheana. Déanfar ualú gach banc ceannais náisiúnta sa scála caipitil a ríomh de réir analaí le hAirteagal 29.1 agus i gcomhlíonadh Airteagal 29.2. Beidh na tréimhsí tagartha a úsáidfear do na sonraí staidrimh comhionann leis na tréimhsí tagartha arna gcur i bhfeidhm don choigeartú cúigbhliantúil is déanaí ar na hualuithe faoi Airteagal 29.3."

TEIDEAL II

OIRIÚNITHE EILE

AIRTEAGAL 18

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 57(1) de Chonradh CE:

"I ndáil le srianta atá ann faoin dlí náisiúnta san Eastóin agus san Ungáir, is é an dáta ábhartha an 31 Nollaig 1999."

AIRTEAGAL 19

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 229(1) de Chonradh CE:

"1. Beidh feidhm ag an gConradh seo maidir le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le hÉirinn, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Cipire, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le Ard-Diúcacht Lucsamburg, le Poblacht na hUngáire, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne, le Ríocht na Sualainne agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann."

# CUID A TRÍ

# BUANFHORÁLACHA

## TEIDEAL I

## OIRIÚNUITHE GNÍOMHARTHA ARNA nGLACADH AG NA hINSTITIÚIDÍ

### AIRTEAGAL 20

Déanfar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Ionstraim seo a oiriúnú mar atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.

### AIRTEAGAL 21

Déanfar oiriúnuithe na ngníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Ionstraim seo agus is gá de thoradh an aontachais a tharraingt suas ar cothrom leis na treoirlínte atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin agus i gcomhréir leis an nós imeachta agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 57.

TEIDEAL II

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 22

Déanfar na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Ionstraim seo a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

AIRTEAGAL 23

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim seo a bhaineann leis na gcomhbheartas talmhaíochta agus a fhéadfaidh a bheith riachtanach i gcás modhnaithe leasuithe ar rialacha Comhphobail. Déanfar oiriúnuithe den sórt sin roimh dháta an aontachais.

# CUID A CEATHAIR

# FORÁLACHA SEALADACHA

## TEIDEAL I

## BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

### AIRTEAGAL 24

Beidh na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinní V, VI, VII, VIII, IX, X, XI, XII, XIII agus XIV a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

### AIRTEAGAL 25

1. De mhaolú ar an dara mír d'Airteagal 189 de Chonradh CE agus ar an dara mír d'Airteagal 107 de Chonradh CEFA agus ag féachaint d'Airteagal 190(2) de Chonradh CE agus d'Airteagal 108(2) de Chonradh CEFA, is mar a leanas a bheidh líon na suíochán i bParlaimint na hEorpa le haghaidh na mBallstát nua go ceann na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí tús théarma 2004-2009 Pharlaimint na hEorpa:

| | |
|---|---|
| Poblacht na Seice | 24 |
| An Eastóin | 6 |
| An Chipir | 6 |
| An Laitvia | 9 |
| An Liotuáin | 13 |
| An Ungáir | 24 |
| Málta | 5 |
| An Pholainn | 54 |
| An tSlóivéin | 7 |
| An tSlóvaic | 14 |

2. De mhaolú ar Airteagal 190(1) de Chonradh CE agus ar Airteagal 108(2) de Chonradh CEFA, is iad Parlaimintí na mBallstát nua a cheapfaidh as a líon féin na hionadaithe do phobail na mBallstát nua i bParlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag gach ceann de na Stáit sin, go ceann na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí tús théarma 2004-2009.

## AIRTEAGAL 26

1. Le linn na tréimhse go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2004, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) i dtaca le hAirteagal 205(2) de Chonradh CE agus Airteagal 118(2) de Chonradh CEFA:

Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú mar a leanas:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 5 |
| Poblacht na Seice | 5 |
| An Danmhairg | 3 |
| An Ghearmáin | 10 |
| An Eastóin | 3 |
| An Ghréig | 5 |
| An Spáinn | 8 |
| An Fhrainc | 10 |
| Éire | 3 |
| An Iodáil | 10 |
| An Chipir | 2 |
| An Laitvia | 3 |
| An Liotuáin | 3 |
| Lucsamburg | 2 |
| An Ungáir | 5 |
| Málta | 2 |
| An Ísiltír | 5 |
| An Ostair | 4 |
| An Pholainn | 8 |
| An Phortaingéil | 5 |
| An tSlóivéin | 3 |
| An tSlóvaic | 3 |
| An Fhionlainn | 3 |
| An tSualainn | 4 |
| An Ríocht Aontaithe | 10 |

(b) i dtaca leis an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 205(2) de Chonradh CE agus d'Airteagal 118(2) de Chonradh CEFA:

Chun go nglacfar leo, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná:

– 88 vóta ina bhfabhar sa chás ina gceanglaíonn an Conradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún,

– 88 vóta ina bhfabhar, arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad, i gcásanna eile.

(c) i dtaca leis an dara habairt den tríú fomhír d'Airteagal 23(2) de Chonradh AE:

Chun go nglacfar cinntí, is gá 88 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad.

(d) i dtaca le hAirteagal 34(3) de Chonradh AE:

Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá 88 vóta ar a laghad ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad.

2. Más lú ná deich líon na mBallstá nua a aontaíonn don Aontas Eorpach, socrófar an tairseach le haghaidh an tromlaigh cháilithe don tréimhse go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2004 le cinneadh ón gComhairle chun go gcomhfhreagródh sí chomh gar do 71,26% de líon iomlán na vótaí agus is féidir.

AIRTEAGAL 27

1. San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal Eorpach [1], nó san fhoráil chomhfhreagrach in aon Chinneadh a ghabhann a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an Comhphobal Eorpach i bhfeidhm i dtrádáil na mBallstát nua le tríú tíortha.

2. Don bhliain 2004, beidh bonn comhchuibhithe measúnachta CBL agus bonn ollioncaim náisiúnta (OIN) i gcás gach Ballstáit nua, dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(c) agus (d) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle comhionann le dhá thrian den bhonn bliantúil. Bonn OIN de chuid gach Ballstáit nua atá le cur san áireamh chun an maoiniú a ríomh don cheartú i ndáil le míchothromaíochtaí buiséadacha arna dheonú don Ríocht Aontaithe, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle, beidh sé mar an gcéanna comhionann le dhá thrian den bhonn bliantúil.

---

1 IO L 253, 7.10.2000, lch. 42.

3. D’fhonn an ráta calctha a chinneadh do 2004 de réir Airteagal 2(4)(b) de Chinneadh 2000/597/CE, CEFA ón gComhairle, déanfar boinn CBL arna dteorannú de chuid na mBallsát nua a ríomh ar bhonn dhá thrian dá mboinn CBL gan teorannú agus dhá thrian dá OIN.

AIRTEAGAL 28

1. Déanfar buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach don bhliain airgeadais 2004 a oiriúnú chun aontachas na mBallstát nua a chur san áireamh trí bhuiséad leasaitheach a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2004.

2. Déanfar an dá cheann déag de na dóú codanna déag míosúla d’acmhainní arna mbunú ar CBL agus OIN atá le híoc ag na Ballstáit nua faoi mbuiséad leasaitheach sin, mar aon leis na hoiriúnuithe aisghníomhacha ar na dóú codanna déag don tréimhse Eanáir-Aibreán 2004 nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir leis na Ballstáit láithreacha, a thiontú go hochtú codanna iad atá le glaoch le linn na tréimhse Bealtaine-Nollaig 2004. Tiontófar mar an gcéanna na hoiriúnuithe aisghníomhacha a thig ó aon bhuiséad leasaitheach ina dhiaidh sin arna ghlacadh i 2004 go codanna comhionanna le glaoch le linn a bhfuil fágtha den bhliain.

AIRTEAGAL 29

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Poblacht na Seice, leis an gCipir, le Málta agus leis an tSlóivéin, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, an t-ochtú cuid i 2004, amhail ar dháta an aontachais, agus an dóú cuid déag i 2005 agus 2006 de na méideanna seo a leanas de chúiteamh buiséadach sealadach:

| | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | (EUR milliún, praghsanna 1999) | | |
| Poblacht na Seice | 125,4 | 178,0 | 85,1 |
| An Chipir | 68,9 | 119,2 | 112,3 |
| Málta | 37,8 | 65,6 | 62,9 |
| An tSlóivéin | 29,5 | 66,4 | 35,5 |

AIRTEAGAL 30

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Poblacht na Seice, leis an Eastóin, leis an gCipir, leis an Laitvia, leis an Liotuáin, leis an Ungáir, le Málta, leis an bPolainn, leis an tSlóivéin agus leis an tSlóvaic, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, an t-ochtú cuid i 2004, amhail ar dháta an aontachais, agus an dóú cuid déag i 2005 agus 2006 de na méideanna seo a leanas de shaoráid speisialta chnapshuime um shreabhadh airgid thirim:

| | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | (EUR milliún, praghsanna 1999) | | |
| Poblacht na Seice | 174,7 | 91,55 | 91,55 |
| An Eastóin | 15,8 | 2,9 | 2,9 |
| An Chipir | 27,7 | 5,05 | 5,05 |
| An Laitvia | 19,5 | 3,4 | 3,4 |
| An Liotuáin | 34,8 | 6,3 | 6,3 |
| An Ungáir | 155,3 | 27,95 | 27,95 |
| Málta | 12,2 | 27,15 | 27,15 |
| An Pholainn | 442,8 | 550,0 | 450,0 |
| An tSlóivéin | 65,4 | 17,85 | 17,85 |
| An tSlóvaic | 63,2 | 11,35 | 11,35 |

Déanfar EUR 1 billiún don Pholainn agus EUR 100 milliún do Phoblacht na Seice arna n-áireamh sa tsaoráid speisialta chnapshuime um shreabhadh airgid thirim a chur san áireamh in aon ríomh i ndáil leis na cistí struchtúracha a dháileadh le haghaidh na mblianta 2004-2006.

AIRTEAGAL 31

1. Íocfaidh na Ballstáit nua atá liostaithe thíos na méideanna seo a leanas leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach dá dtagraítear i gCinneadh 2002/234/CECG ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 27 Feabhra 2002 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde do Ghual agus Cruach [1]:

[1] IO L 79, 22.3.2002, lch. 42.

| | (ECU milliún, praghsanna reatha) |
|---|---|
| Poblacht na Seice | 39,88 |
| An Eastóin | 2,5 |
| An Laitvia | 2,69 |
| An Ungáir | 9,93 |
| An Pholainn | 92,46 |
| An tSlóivéin | 2,36 |
| An tSlóvaic | 20,11 |

2. Íocfar na ranníocaíochtaí sin don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach i gceithre thráthchuid ag tosú i 2006 agus íocfar mar a leanas iad, i ngach cás ar an gcéad lá oibre den chéad mhí de gach bliain:

2006: 15%
2007: 20%
2008: 30%
2009: 35%.

AIRTEAGAL 32

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chonradh seo, ní dhéanfar aon ghealltanais airgeadais i bhfabhar na mBallstát nua tar éis an 31 Nollaig 2003 faoi chlár Phare [1], clár Phare um Chomhar Trasteorann [2], cistí réamhaontachais don Chipir agus do Mhálta [3], clár ISPA [4] agus clár SAPARD [5]. Cuirfear an chóir chéanna ar na Ballstáit nua a chuirtear ar na Ballstáit láithreacha i dtaca le caiteachas faoi na chéad trí Cheannteideal den pheirspictíocht airgeadais, mar atá sainithe i gComhaontú Idirinstitiúideach an 6 Bealtaine 1999 [6], amhail ón 1 Eanáir 2004, faoi réir na sonraíochtaí agus na n-eisceachtaí leithleacha thíos nó de réir mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo. Leagtar amach in Iarscríbhinn XV na leithreasaí uasta breise do cheannteidil 1, 2, 3 agus 5 den Pheirspictíocht Airgeadais a bhaineann le méadú. Ar a shon sin, ní fhéadfar aon cheangaltais airgeadais a dhéanamh faoi bhuiséad 2004 le haghaidh aon chláir nó gníomhaireacha i dtrácht sula dtarlóidh aontachas an Bhallstáit nua ábhartha.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le caiteachas faoi Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, de réir Airteagail 2(1), 2(2) agus 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 ón gComhairle maidir le chistiú an chomhbheartais talmhaíochta [7], nach dtiocfaidh chun bheith cáilithe do chistiú Comhphobail ach ó dháta an aontachais, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Ionstraim seo.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 3906/89 (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11), mar atá arna leasú.
[2] Rialachán (CE) Uimh. 2760/98 (IO L 345, 19.12.1998, lch. 49), mar atá arna leasú.
[3] Rialachán (CE) Uimh. 555/2000 (IO L 68, 19.12.1998, lch. 3), mar atá arna leasú.
[4] Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 (IO L 161, 26.6.1999, lch. 73), mar atá arna leasú.
[5] Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87), mar atá arna leasú.
[6] Comhaontú Idirinstitiúideach an 6 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach agus leis an nós imeachta buiséadach a fheabhsú (IO C 172, 18.6.1999, lch. 1).
[7] IO L 160, 26.6.99, lch. 103.

Ar a shon sin, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le caiteachas d'fhorbairt na tuaithe faoi Roinn Ráthaíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, de réir Airteagal 47a de Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus ag leasú agus ag aisghairm Rialacháin áirithe [1], faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa leasú ar an Rialachán sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Ionstraim seo.

3. Faoi réir na habairte deiridh de mhír 1, amhail ón 1 Eanír 2004, beidh na Ballstáit nua rannpháirteach i gcláir agus i ngníomhaireachtaí de chuid an Chomhphobail de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna leis na Ballstáit láithreacha agus cistiú acu ó bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2004, gabhfaidh na forálacha a rialaíonn na cláir agus na gníomhaireachtaí ábhartha ionad na dtéarmaí agus na gcoinníollacha atá leagtha síos i gCinntí ó Chomhairlí Comhlachais, Comhaontuithe agus Meabhráin Chomhthuisceana idir na Comhphobail Eorpacha agus na Ballstáit nua a mhéad a bhaineann lena rannpháirtíocht i i gcláir agus i ngníomhaireachtaí de chuid an Chomhphobail.

4. Mura n-aontóidh ceann de na Stáit dá dtagraítear in Airteagal (1)1 den Chonradh Aontachais don Chomhphobal le linn 2004, beidh aon iarratas arna dhéanamh ag an Stát i dtrácht nó uaidh i ndáil le maoiniú trí chaiteachas faoi na chéad trí Cheannteideal de den Pheirspictíocht Airgeadais do 2004 ar neamhní. Sa chás sin, leanfaidh Cinneadh ón gComhairle Chomhlachais, an Comhaontú nó an Meabhrán Comhthuisceana d'fheidhm a bheith aige i dtaca leis an Stát sin i gcaitheamh na bliana 2004 ar fad.

---

1 IO L 160, 26.6.1999, lch. 80.

5. Más gá aon bhearta chun an trasdul ón gcóras réamhaontachais chuig an gcóras a thig ón Airteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá.

AIRTEAGAL 33

1. Déanfaidh gníomhaireachtaí cur chun feidhme sna Ballstáit nua bainistiú amhail ó dháta an aontachais ar thairiscint, conraitheoireacht, cur chun feidhme agus íocaíochtaí do chúnamh réamhaontachais faoi chlár Phare [1], clár Phare CTT [2] agus na cistí réamhaontachais don Chipir agus do Mhálta [3].

Déanfar rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar tairiscint agus conraitheoireacht a tharscaoileadh le cinneadh ón gCoimisiún chuige sin, ag leanúint Córais Fhadaithe Dhílárnaithe Cur chun Feidhme (CFDCF) arna mheasúnú go dearfach, i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1266/1999 maidir le cabhair le haghaidh na dtíortha iarrthacha a chomhordú faoi chuimse na straitéise réamhaontachais agus ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 [4].

Mura mbeidh an cinneadh sin ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh glactha roimh dháta an aontachais, ní bheidh aon chonarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus an dáta a nglactar an cinneadh ón gCoimisiún cáilithe do chúnamh réamhaontachais.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 3906/89 (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11), mar atá arna leasú.
2 Rialachán (CE) Uimh. 2760/98 (IO L 345, 19.12.1998, lch. 49), mar atá arna leasú.
3 Rialachán (CE) Uimh. 555/2000 (IO L 68, 19.12.1998, lch. 3), mar atá arna leasú.
4 IO L 232, 2.9.1999, lch. 34.

Ar a shon sin, ar dhóigh eisceachtúil, má chuirtear moill ar an gcinneadh ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh thar dháta an aontachais ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith údarás de chuid Ballstáit nua, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil call cuí leo, glacadh leis go bhfuil cáilitheacht do chúnamh réamhaontachais ag conarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus an dáta an chinnidh ón gCoimisiún agus go leantar den chabhair réamhaontachais a chur chun feidhme ar feadh tréimhse teoranta, faoi réir rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar tairiscint agus conraitheoireacht.

2. Gealltanais bhuiséadacha foriomlána arna nglacadh roimh an aontachas faoi na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear gealltanais dhlítheanacha leithleacha ina dhiaidh sin agus íocaíochtaí arna ndéanamh tar éis an aontachais a thabhairt i gcrích agus a chlárú, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag rialacha agus rialacháin na n-ionstraimí maoinithe réamhaontachais agus de bheith á muirearú ar na caibidlí buiséadacha comhfhreagracha go dtí go gcuirtear an clabhsúr ar na cláir agus tionscadail i dtrácht. Dá ainneoin sin, déanfar nósanna imeachta um sholáthar poiblí arna dtionscnamh i ndiaidh an aontachais a chur i gcrích i gcomhréir leis na Treoracha Comhphobail ábhartha.

3. Déanfar an clárú deireanach don chúnamh réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 sa bhliain fhéilire iomlán dheireanach roimh an aontachas. Caithfear conraitheoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir sin laistigh den dá bhliain a leanfaidh agus eisíocaíochtaí a dhéanamh mar a fhoráiltear sa Mheabhrán ar Mhaoiniú [1], de ghnáth faoi cheann dheireadh an tríú bliain tar éis an ghealltanais. Ní dhéanfar aon fhaduithe a dheonú don tréimhse chonraitheoireachta. Go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil call cuí leo, deonófar faduithe teoranta ó thaobh a ré le haghaidh eisíocaíochta.

---

1 Mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Phare (SEC (1999) 1596, mar atá arna dtabhairt suas chun dáta ar 6.9.2002 le C 3303/2).

4. D’fhonn a áirithiú go ndéanfar an céimniú amach is gá ar na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA [1] agus go mbeidh trasdul rianúil ó na rialacha is infheidhme roimh an aontachas agus ina dhiaidh, féadfaidh an Coimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcoimeádtar an fhoireann reachtúil is gá ar bun sna Ballstáit nua ar feadh cúig mhí dhéag ar a mhéad i ndiaidh an aontachais. Le linn na tréimhse seo, oifigigh arna sannadh go poist sna Ballstáit nua roimh an aontachas a gcuirtear d’iachall orthu fanacht i seirbhís sna Stáit sin tar éis dháta an aontachais, tairbheoidh siad; go heisceachtúil, de na dálaí céanna airgeadais agus ábhartha mar a bhí arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún roimh an aontachas i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal sin atá leagtha síos i Rialachán (CEE, CEFA, CEGC) Uimh.259/68 [2]. Déanfar an caiteachas riaracháin, lena n-áirítear tuarastail le haghaidh foirne eile, is gá chun cúnamh réamhaontachais a bhainistiú a fholú, le haghaidh 2004 ar fad agus go dtí deireadh Iúil 2005, faoin gceannteideal "caiteachas tacaíochta le haghaidh oibríochtaí" (seanchuid B den bhuiséad) nó faoi cheannteidil choibhéiseacha na mbuiséad réamhaontachais ábhartha le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1267/99 (IO L 161, 19.12.1998, lch. 73), mar atá arna leasú.

[2] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 2265/02 (IO L 347, 20.12.2002, lch. 1).

5. Nuair nach féidir tionscadail arna bhformheas faoi Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 a chistiú a thuilleadh faoin ionstraim sin, féadfar iad a lánpháirtiú i gclárú forbartha tuaithe agus a mhaoiniú faoin gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíocht. Más gá bearta idirthréimhseacha sonracha i dtaca leis sin, déanfaidh an Coimisiún iad a ghlacadh a i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha[1].

AIRTEAGAL 34

1. Idir dáta an aontachais agus deireadh 2006, soláthróidh an tAontas cabhair airgeadais shealadach, dá ngairtear an "Áis Trasdula" anseo feasta, le haghaidh na mBallstát nua ar mhaithe lena gcumas riaracháin a fhorbairt agus a neartú chun reachtaíocht Chomphobail a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú agus ar mhaithe le malartú na gcleachtas is fearr idir piaraí.

2. Déileálfaidh cúnamh leis an ngá leanúnach chun cumas institiúideach a neartú i réimsí áirithe trí ghníomhaíocht nach féidir a mhaoiniú trí na Cistí Struchtúracha, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

– ceartas agus gnóthaí baile (an córas breithiúnach a neartú, rialuithe teorainneacha seachtracha, straitéis i gcoinne éilliú, cumais forghníomhaithe dlí a neartú),

[1] IO L 161, 26.6.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1447/2001 (IO L 198, 21.7.2001, lch. 1).

– rialú airgeadais,

– leasanna airgeadais na gComhphobal a chosaint agus an comhrac i gcoinne na calaoise,

– an margadh inmheánach, lena n-áirítear an t-aontas custaim,

– comhshaol,

– seirbhísí tréidliachta agus méadú ar an gcumas riaracháin i ndáil le sábháilteacht bhia,

– struchtúir riaracháin agus rialaithe don talmhaíocht agus d'fhorbairt na tuaithe, lena n-áirítear an Córas Iomlánaithe Riaracháin agus Rialaithe (CIRR),

– sábháilteacht núicléach (éifeachtúlacht agus inniúlacht na n-údarás sábháilteachta núicléiche agus a n-eagraíochtaí tacaíochta teicniúla, mar aon le gníomhaireachtaí poiblí bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí, a neartú),

– staidreamh,

– riarachán poiblí a neartú de réir riachtanais arna sainaithint sa tuarascáil chuimsitheach faireacháin ón gCoimisiún nach bhfuil folaithe sna Cistí Struchtúracha.

3. Déanfar cúnamh faoin Áis Trasdula a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa [1].

4. Cuirfear an clár chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 53(1)(a) agus (b) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[2]. I gcás tionscadal um nascadh idir riaracháin phoiblí d’fhonn institiúidí a thógáil, leanfaidh an nós imeachta chun tograí a ghlaoch trí ghréasán na bpointí tadhaill sna Ballstáit d’fheidhm a bheith aige, mar atá bunaithe sna Comhaontuithe Réime leis na Ballstáit láithreacha chun críocha cúnaimh réamhaontachais.

Is é EUR 200 milliún i 2004, EUR 120 milllún i 2005 agus EUR 60 Milliún i 2006, ag praghsanna 1999, na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí don Áis Trasdula. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí bliantúla laistigh de theorainneacha na peirspictíochta airgeadais.

## AIRTEAGAL 35

1. Cruthaítear leis seo Áis Schengen mar ionstraim shealadach d’fhonn cuidiú le Ballstáit thairbhiúla idir dáta an aontachais agus deireadh 2006 chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d’fhonn acquis Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme.

---

1 IO L 375, 23.12.1989, lch. 11. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2500/2001 (IO L 342, 27.12.2001, lch. 1).

2 Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 1605/2002 (IO L 248, 16.9.2002, lch. 1).

D’fhonn déileáil leis na heasnaimh arna sainaithint san ullmhúchán do rannpháirtíocht in Schengen, beidh na cineálacha gníomhaíochta seo a leanas cáilithe do mhaoiniú faoi Áis Schengen:

– infheistíocht i mbonneagar um thrasnú teorainn agus i bhfoirgnimh ghaolmhara a fhoirgniú, a athnuachan nó a uasghrádú,

– infheistíochtaí in aon chineál trealaimh oibriúcháin (m.sh. trealamh saotharlainne, uirlisí braith, crua-earraí agus bogearraí do Chóras Faisnéise Schengen-SIS 2, modhanna iompair),

– gardaí teorann a oiliúint,

– tacaíocht do chostais loighistice agus oibríochtaí.

2. Cuirfear na méideanna seo a leanas ar fáil faoi Áis Schengen i bhfoirm íocaíochtaí deontas cnapshuime, amhail ar dháta an aontachais, leis na Ballstáit thairbhiúla atá liostaithe thíos:

| | 2004 | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | (EUR milliún, praghsanna 1999) | | |
| An Eastóin | 22,9 | 22,9 | 22,9 |
| An Laitvia | 23,7 | 23,7 | 23,7 |
| An Liotuáin | 44,78 | 61,07 | 29,85 |
| An Ungáir | 49,3 | 49,3 | 49,3 |
| An Pholainn | 93,34 | 93,33 | 93,33 |
| An tSlóivéin | 35,64 | 35,63 | 35,63 |
| An tSlóvaic | 15,94 | 15,93 | 15,93 |

3. Beidh na Ballstáit thairbhiúla freagrach as oibríochtaí leithleacha a roghnú agus a chur chun feidhme i gcomhlíonadh an Airteagail seo. Beidh siad freagrach freisin as úsáid na háise a chomhordú le cúnamh ó ionstraimí Comhphobail eile, á áirithiú go luíonn sin le beartais agus bearta Comhphobail agus go gcomhlíonann sin an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach.

Úsáidfear na híocaíochtaí deontas cnapshuime laistigh de thrí bliana ón gcéad íocaíocht agus aisghabhfaidh an Coimisiún aon chistí gan caitheamh nó arna gcaitheamh gan chall. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an teorainn ama trí bliana a dhul in éag, déanfaidh na Ballstáit thairbhiúla tuarascáil chuimsitheach ar feidhmiú airgeadais na n-íocaíochtaí deontas cnapshuime a thíolacadh maille le ráiteas ag fírinniú an chaiteachais.

Feidhmeoidh an Stát tairbhiúil an fhreagracht sin gan dochar do fhreagracht an Choimisiúin as buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a chur chun feidhme agus i gcomhréir leis na forálacha den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le bainistíocht dhílárnaithe.

4. Coinníonn an Coimisiún an ceart chun fíorú a dhéanamh tríd an an Oifig i gcoinne na Calaoise (OLAF). Féadfaidh an Coimisiún agus an Chúirt Iniúchóirí seiceálacha ar an bhfód a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí.

5. Féadfaidh an Coimisiún aon fhorálacha teicniúla a ghlacadh is gá chun an Áis seo a oibriú.

AIRTEAGAL 36

Déanfar na méideanna dá dtagraítear in Airteagail 29, 30, 34 agus 35 a oiriúnú gach bliain mar chuid den oiriúnú teicniúil dá bhforáiltear i mír 15 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 6 Bealtaine 1999.

TEIDEAL II

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 37

1. Más amhlaidh, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, go dtagann deacrachtaí chun cinn atá tromchúiseach agus gur dóigh go seasfaidh siad in aon earnáil den gheilleagar nó deacrachtaí a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh Ballstát nua údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an staid sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú do gheilleagar an chómhargaidh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh maidir le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua.

2. Arna iarraidh sin don Stát i dtrácht, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá, agus sonróidh sé imthosca agus rialacha mionsonraithe a gcur in éifeacht.

I gcás deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus arna iarraidh sin go sainráite don Bhallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, maille leis an eolas cúlra ábhartha, a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leasanna na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh na bearta atá údaraithe faoi mhír 2 maolú a thabhairt ar rialacha Chonradh CE agus ar an Ionstraim seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a shuaithfidh oibriú an chómhargaidh.

## AIRTEAGAL 38

Má tá Ballstát nua tar éis mainneachtain gealltanais arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme, agus gur cúis é sin le sárú tromchúiseach ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear aon ghealltanais i dtaca leis na beartais earnálacha uile a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil éifeacht trasteorann acu, nó gur cúis é le garbhaol go mbeidh sárú den sórt sin ann, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis dháta na hIonstraime seo a theacht i bhfeidhm, bearta iomhcuí a ghlacadh, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát ná ar a thionscnamh féin.

Beidh na bearta comhréireach agus tabharfar tosaíocht do bhearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaidh inmheánaigh agus nuair is iomchuí, do chur i bhfeidhm na sásraí coimirce earnálacha atá ann. Ní agrófar na bearta coimirce sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm amhail ar dháta an aontachais. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíorghá agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a chuirfear an gealltanas ábhartha chun feidhme. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad nach bhfuil na gealltanais ábhartha comhallta. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gcomhall a ghealltanas, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

## AIRTEAGAL 39

Má tá easnaimh tromchúiseacha ann nó aon gharbhaol go mbeidh easnaimh den sórt sin ann i dtrasuí na gcinntí réime nó aon ghealltanas ábhartha eile, ionstraimí comhair agus cinntí a bhaineann haitheantas frithpháirteach i réimse an dlí choiriúil faoi Theideal VI de Chonradh AE agus Treoracha agus Rialachán a bhaineann le haitheantas frithpháirteach in ábhair shibhialta faoi Theideal IV de Chonradh CE, i staid a gcur chun feidhme nó ina gcur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis dháta na hIonstraime seo a theacht i bhfeidhm, bearta iomhcuí a ghlacadh agus na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe faoina gcuirtear na bearta sin in éifeacht a shonrú, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát ná ar a thionscnamh féin agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

Féadfaidh na bearta sin bheith i bhfoirm fionraíochta sealadaí ar na forálacha agus cinntí ábhartha sa chaidreamh idir an Ballstát nua agus aon Bhallstát nó Ballstáit eile a chur i bhfeidhm, gan dochar do leanúint de dhlúthchomhar breithiúnach. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm amhail ar dháta an aontachais. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíorghá agus, ar aon chuma, tarscaoilfear iad nuair a leigheasfar na heasnaimh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad a sheasann na heasnaimh sin. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gceartú na heasnaimh arna sainaithint, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am trátha sula ndéanfaidh sé bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

## AIRTEAGAL 40

Chun nach gcuirfear treampán ar oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Ballstáit as forghníomhú rialacha náisiúnta na mBallstát nua le linn na n-idirthréimhsí dá dtagraítear in Iarscríbhinní V go XIV.

AIRTEAGAL 41

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sna Ballstáit nua go dtí an córas a leanfaidh ón gcomhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha amach san Ionstraim seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán Uimh. 1260/2001 ón gComhairle maidir le comheagraíocht na margaí in earnáil an tsiúcra [1], nó, mar is iomchuí, sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta nó i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse sin a fhadú.

Na bearta idirthréimhseacha a bhaineann le cur chun feidhme na n–ionstraimí maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus nach bhfuil sonraithe san Ionstraim seo atá riachtanach de thoradh an aontachais, glacfaidh an Chomhairle iad roimh dháta an aontachais ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó, nuair a dhéanann siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, is é an Coimisiún a ghlacfaidh iad i gcomhréir leis an nós imeachta is gá chun na hionstraimí i dtrácht a ghlacadh.

[1] IO L 178,, 30.6.2001, lch. 1.

## AIRTEAGAL 42

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sna Ballstáit nua go dtí an córas a leanfaidh ó rialacha Comhphobail tréidliachta agus fíteasláintíochta a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

# CUID A CÚIG

# FORÁLACHA I dTAOBH AN IONSTRAIM SEO A CHUR CHUN FEIDHME

## TEIDEAL I

## NA hINSTITIÚIDÍ AGUS NA COMHLACHTAÍ A CHUR AR BUN

## AIRTEAGAL 43

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

## AIRTEAGAL 44

Déanfaidh an Chomhairle cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

## AIRTEAGAL 45

1. Beidh ag aon Stát a aontaíonn don Aontas an ceart duine dá náisiúnaigh a bheith mar chomhalta den Choimisiúin.

2. D’ainneoin an dara fomhír d'Airteagal 213(1), na chéad fhomhíre d'Airteagal 214(1), Airteagal 214(2) de Chonradh CE agus na chéad fhomhíre d'Airteagal 126 de Chonradh CEFA:

(a) ceapfar náisiúnach de gach Ballstát nua don Choimisiún amhail ó dháta a aontachais. Ceapfaidh an Chomhairle comhaltaí nua an Choimisiúin, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin.

(b) rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí den Choimisiún arna gceapadh de bun (a) mar aon le téarma oifige na gcomhaltaí a ceapadh amhail ón 23 Eanáir 2000 in éag ar an 31 Deireadh Fómhair 2004.

(c) rachaidh Coimisiún nua ar a mbeidh náisiúnach amháin de gach Ballstát i mbun a dhualgas ar an 1 Samhain 2004; rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí den Choimisiún nua sin in éag ar an 31 Deireadh Fómhair 2009,

(d) cuirtear dáta an 1 Samhain 2004 in ionad dháta an 1 Eanáir 2005 in Airteagal 4(1) den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE agus leis na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach maidir le méadú an Aontais Eorpaigh.

3. Déanfaidh an Coimisiún cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

AIRTEAGAL 46

1. Ceapfar deichniúr Breithiúna don Chúirt Bhreithiúnais agus ceapfar deichniúr Breithiúna don Chúirt Chéadchéime.

2.(a) Rachaidh téarma oifige cúigear de Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2006. Is trí chrannchur a roghnófar na Breithiúna sin. Rachaidh téarma oifige na mBreithiúna eile in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2009.

(b) Rachaidh téarma oifige cúigear de Bhreithiúna na Cúirte Céadcéime a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag ar an 31 Lúnasa 2004. Is trí chrannchur a roghnófar na Breithiúna sin. Rachaidh téarma oifige na mBreithiúna eile in éag ar an 31 Lúnasa 2007.

3.(a) Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

(b) Déanfaidh an Chúirt Chéadchéime, le comhaontú na Cúirte Breithiúnais, cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

(c) Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na Rialacha Nós Imeachta mar atá arna n-oiriúnú.

4. Chun breithiúnas a thabhairt i gcásanna a bheidh ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ar dháta an aontachais agus ar tionscnaíodh imeachtaí ó bhéal ina leith roimh an dáta sin, is sa chomhdhéanamh a bhí orthu roimh an aontachas a shuífidh na Cúirteanna i seisiún iomlánach nó na Dlísheomraí agus cuirfidh siad na Rialacha Nós Imeachta céanna i bhfeidhm a bhí i bhfeidhm an lá roimh dháta an aontachais.

## AIRTEAGAL 47

Cuirfear le líon na Cúirte Iniúchóirí trí dheichniúr comhaltaí breise a cheapadh ar feadh téarma oifige sé bliana.

AIRTEAGAL 48

Cuirfear le líon an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta trí 95 comhalta a cheapadh a ionadóidh na heilimintí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta den tsochaí shibhialta eagraithe sna Ballstáit nua. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

AIRTEAGAL 49

Cuirfear le líon Choiste na Réigiún trí 95 comhalta a cheapadh a ionadaíonn do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach acu i gcomhlacht réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

AIRTEAGAL 50

1. Rachaidh téarma oifige chomhaltaí láithreacha an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil faoi Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA in éag ar dháta theacht i bhfeidhm na hIonstraime seo.

2. Amhail ón an aontachas ceapfaidh an Chomhairle comhaltaí nua an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA.

## AIRTEAGAL 51

A luaithe is féidir tar éis an aontachais, déanfar na hoiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar reachtanna agus rialacha nós imeachta na gCoistí arna mbunú leis na Conarthaí bunaidh.

## AIRTEAGAL 52

1. I gcás na gCoistí, na ngrúpaí agus na gcomhlachtaí eile arna gcruthú leis na Conarthaí agus an reachtóir atá liostaithe in Iarscríbhinn XVI, rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. I gcás na gCoistí agus na ngrúpaí arna gcruthú ag an gCoimisiún atá liostaithe in Iarscríbhinn XVII, rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

3. Déanfar na Coistí atá liostaithe in Iarscríbhinn XVIII a athnuachan go hiomlán amhail ón aontachas.

TEIDEAL II

INFHEIDHMEACHT GHNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ

## AIRTEAGAL 53

Amhail ón aontachas, measfar gur díríodh chuig na Ballstáit nua treoracha agus cinntí, de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, ar chuntar gur díríodh na treoracha, moltaí agus cinntí sin chuig gach Ballstát láithreach. Ach amháin i gcás treoracha agus cinntí a thagann i bhfeidhm de bhun Airteagal 254(1) agus 254(2) de Chonradh CE, measfar go bhfuair na Ballstáit nua fógra i dtaobh na dtreoracha agus cinntí sin amhail ón aontachas.

## AIRTEAGAL 54

Cuirfidh na Ballstáit nua in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, ó dháta an aontachais, forálacha treoracha agus cinntí, de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, mura bhforáiltear teorainn ama eile sna hIarscríbhinní dá dtagraítear in Airteagal 24 nó in aon fhorálacha eile den Ionstraim seo nó dá hIarscríbhinní.

AIRTEAGAL 55

Arna iarraidh sin go cuí–réasúnaithe do cheann de na Ballstáit nua, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, bearta a ghlacadh roimh an 1 Bealtaine 2004 arb éard iad maoluithe sealadacha ar ghníomhartha na n–institiúidí a glacadh idir an 1 Samhain 2002 agus dáta sínithe an Chonartha Aontachais.

AIRTEAGAL 56

Mura bhforáiltear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta a ghlacadh is gá chun na forálacha atá in Iarscríbhinní II, III agus IV dá dtagraítear in Airteagail 20, 21 agus 22 den Ionstraim seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 57

1. Más gá gníomhartha na n–institiúidí arna ndéanamh roimh an aontachas a oiriúnú de thoradh an aontachais agus mura bhforáiltear do na hoiriúnuithe riachtanacha san Ionstraim seo ná ina hIarscríbhinní, déanfar na hoiriúnuithe sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i mír 2. Tiocfaidh na hoiriúnuithe sin i bhfeidhm amhail ón aontachas.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nó déanfaidh an Coimisiún, cibé ceann den dá institiúid sin a ghlac na gníomhartha bunaidh, na téacsanna is gá a tharraingt suas chuige sin.

## AIRTEAGAL 58

Amhail ó dháta an aontachais, is téacsanna comhúdarásacha, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna arna dtarraingt suas san aon teanga déag láithreacha, téacsanna ghníomhartha na n-institiúidí agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh arna nglacadh roimh an aontachas agus arna dtarraingt suas ag an gComhairle, ag an gCoimisiún nó ag an mBanc Ceannais Eorpach san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris. Foilseofar iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eorpach má foilsíodh amhlaidh na téacsanna sna teangacha láithreacha.

## AIRTEAGAL 59

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithiú, ar chríoch na mBallstát nua, do shláinte na n-oibrithe agus an ghnáthphobail in aghaidh na gcontúirtí a thig ó radaíochtaí ianúcháin, cuirfidh na Stáit sin i bhfios don Choimisiún iad, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chonradh CEFA, laistigh de thrí mhí ón aontachas.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 60

Is cuid dhílis den Ionstraim seo Iarscríbhinní I go XVIII, na Foscríbhinní a ghabhann leo agus Prótacail 1 go 10 atá i gceangal léi.

AIRTEAGAL 61

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na hIodáile chuig Rialtais na mBallstát nua cóip dheimhnithe den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus de na Conarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach, sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis.

Déanfar téacsanna na gConarthaí sin, arna dtarraingt suas san Eastóinis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis agus san Ungáiris, a chur i gceangal leis an Ionstraim seo. Is téacsanna comhúdarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna na gConarthaí dá dtagraítear sa chéad mhír arna dtarraingt suas sna teangacha láithreacha na téacsanna sin.

## AIRTEAGAL 62

Cuirfidh an tArdrúnaí chuig Rialtais na mBallstát nua cóip dheimhnithe de na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.